Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2022
(OR. en)**

**15269/22**

**SOC 652**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Ról an bheartais teaghlaigh i gcomhthéacs forbairtí déimeagrafacha san Aontas Eorpach<br>– Nóta stiúrtha ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite a ullmhaíodh don díospóireacht lóin mar chuid de Chomhairle EPSCO an 8 Nollaig 2022.

**Comhairle EPSCO (fostaíocht agus gnóthaí sóisialta)**

**Lón – Ról an bheartais teaghlaigh i gcomhthéacs forbairtí déimeagrafacha san Aontas Eorpach**

Is iad teaghlaigh bunchlocha na sochaí, agus is lena ndea-bhail a chinntear an aeráid shóisialta fhoriomlán. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach tacú le teaghlaigh chun an tsochaí a fhorbairt.
Tá athruithe sa tsochaí ag cur le héagsúlacht shaol an teaghlaigh. I measc na n-athruithe is suntasaí, tá an méadú ar an ráta colscartha, ar líon na leanaí a bheirtear lasmuigh den phósadh agus i dteaghlaigh aontuismitheora. Tá athrú ag teacht freisin ar an gcaoi a ndéantar freagrachtaí idir tuismitheoirí a roinnt agus a chomhroinnt. Cuireann sé sin go léir, ó thaobh an stáit de, éileamh mór ar bheartais chuimsitheacha teaghlaigh.

Cé nach inniúlacht de chuid an Aontais é an beartas teaghlaigh, bíonn tionchar dearfach ag an Aontas ar theaghlaigh trí raon beart reachtach agus neamhreachtach. Áirítear orthu sin, mar shampla, Straitéis an Aontais um Chomhionannas Inscne 2020-2025, Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh agus an Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Sa Straitéis Eorpach um Chúram a foilsíodh le déanaí, cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana agus tacaíocht do chúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Is é is aidhm don Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil agus don Treoir maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha réiteach idir saol an teaghlaigh agus saol na hoibre a éascú trí obair a dhéanamh níos intuartha, socruithe oibre níos solúbtha a chur chun cinn agus dreasachtaí d’aithreacha a bheith rannpháirteach i gcúram a neartú. Tá ról tábhachtach ag cistí an bheartais comhtháthaithe agus ag na pleananna téarnaimh náisiúnta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chun saoráidí cúraim leanaí a bhunú mar shampla nó chun tacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí sóisialta agus do chúram.

Tá laghdú fadtéarmach tagtha ar thorthúlacht agus méadú tagtha ar an ionchas saoil i roinnt mhaith Ballstát, rud a fhágann go bhfuil an daonra ag dul in aois agus go bhfuil na struchtúir aoise daonra ag athrú. In 2018, shroich ionchas saoil 78.2 bliain d'fhir agus 83.7 bliain do mhná. Meastar nach dtiocfaidh athrú ar an treocht sin: fir a shaolófar in 2070, mairfidh siad go meánaois 86 bliana d'aois agus mná a shaolófar sa bhliain chéanna, mairfidh siad go 90 bliain. Faoi 2070, is é 30.3 % den daonra (20.3 % in 2019) a bheidh i gcion na ndaoine atá 65 bliana nó níos mó agus is é 13.2 % den daonra (5.8 % in 2019) a bheidh i gcion na ndaoine atá 80 bliain nó níos mó. Cuirfidh sé ualach níos mó ar chórais cosanta sóisialta, lena n-áirítear pinsin, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, a mbeidh tionchar aige ar mhaoiniú agus leordhóthanacht sochar chomh maith leis an éileamh ar lucht saothair in earnáil an chúraim. I ngeall ar an laghdú atá ag teacht ar an daonra atá in aois oibre, tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as acmhainneacht na nglún uile agus a rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí a chur chun cinn.

Sa chomhthéacs sin, bearta maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus tacaíocht do sheirbhísí cúraim leanaí, chomh maith le cineálacha éagsúla tacaíochta airgeadais agus córas cánach agus sochair nach gcruthaíonn dídhreasachtaí chun oibre don dara saothraí i dteaghlach atá ag tuilleamh, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith acu ar an gcinneadh teaghlach a thosú agus ar líon na leanaí atá beartaithe. Tá bearta éagsúla i bhfeidhm ar fud na mBallstát chun aitheantas a thabhairt don luach a bhaineann le leanaí a thógáil agus aire a thabhairt dóibh, mar shampla i bhfoirm creidmheasanna pinsin nó bónas do leanaí a thógtar agus, ag an am céanna, tá aithint cineálacha éagsúla comhpháirtíochta agus dlúthpháirtíochta idirghlúine i gcórais phinsin á plé freisin.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hAirí aghaidh a thabhairt ar an gceist seo a leanas:

*Cad iad na* bearta *sonracha a mheasann tú a bheith ríthábhachtach maidir leis an gcinneadh a dhéanann teaghlach leanbh, nó beirt leanaí nó níos mó, a bheith acu? An ndíríonn tú ar theaghlaigh i gcoitinne nó an bhfuil bearta spriocdhírithe agat i gcás teaghlaigh óga, nó teaghlaigh ina bhfuil triúr leanaí nó níos mó, etc.?)*